



Polasaí Gaeilge

Baineann an polasaí leis an scoil agus pobal an Choláiste. Is coláiste lán-Ghaeilge é Coláiste an Eachréidh.

Aithnítear go bhfuil sé dlíthe ar an scoil, mar chúram don phobal, a cion féin a dhéanamh le tacú leis an nGaeilge a chur chun cinn. Aithnítear go bhfuil dualgais reachtúla i leith na Gaeilge ar an gColáiste de réir fhorálacha an Acht Oideachais, 1998, Mír 9 (f):-.....*saothrú na teanga agus traidisiúin na Gaeilge, litríocht na Gaeilge, na healaíona agus imeachtaí eile cultúir a chur chun cinn.*

Aidhmeanna

- Go bhfeidhmeoidh an Coláiste trí mheán na Gaeilge.
- Cruinneas agus saibhreas teanga a chothú, le go mbeidh ard chaighdeán Gaeilge sa Choláiste.
- Go spreagfaí an teanga Gaeilge, cultúr na Gaeilge agus an cultúr Gaelach sa Choláiste agus taobh amuigh den Choláiste.
- Meas agus tuiscint don Ghaeilge a chothú i measc scoláirí agus pobal an Choláiste uile.

Ábhar

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga teagaisc an Choláiste.
- Caithfidh gach scoláire caighdeán sásúil Gaeilge a léiriú chun áit a fháil sa Choláiste.
- Déanfar gach iarracht an cultúr Gaelach a spreagadh trí pháirtíocht i ngrúpaí ceoil, damhsa, scoraíochtaí, drámaíocht, díospóireacht agus imeachtaí Gaeilge agus Gaelacha eile.
- Go mbeidh múinteoirí an Choláiste inniúil agus toilteanach a ngairm a dhéanamh go héifeachtach trí Ghaeilge.
- Tabharfar aitheantas do na scoláirí is mó a léiríonn díograis agus dílseacht don Ghaeilge.
- Spreagfar ranganna sinsearacha chun deá-shampla a léiriú do na ranganna sóisearacha.
- Meabhrófar tábhacht na Gaeilge do na scoláirí go rialta.
- Tabharfar cabhair faoi leith do scoláirí nach bhfuil líofa sa Ghaeilge.

Maidir leo siúd nach bhfuil dáiríre faoin nGaeilge agus atá ag dul i muinín an Bhéarla:

1. Labhróidh an múinteoir leis an dalta(i), déanfaidh an múinteoir taifead ar an eachtra ar VS Ware agus cuirfean an Ceann Bliana ar an eolas. Gearrfar tréimhse '**Coinneáil Iar-Scoile**' ar an dalta. Iarrfar ar an dalta an Polasaí Gaeilge (agus obair eile) a scríobh.
2. Má leanann dalta air/uirthi ag dul i muinín an bhéarla, chomh maith le Coinneáil Iar-Scoile, pléifear an cás leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus cuirfean an dalta ar '**Chárta Tuairisce**' a bheidh le síniú go laethúil.
3. Mura dtagann feabhas ar an scéal buailfidh an príomhoide agus Cathaoirleach an Bhoird le tuismitheoirí/caomhnóirí a scoláire le dearcadh an scoláire i leith scoil lán-Ghaeilge agus an céad teanga a phlé.
4. Má theipeann ar na hiarrachtaí seo d'fhéadfaí go mbeadh ar an dalta an Coláiste a fhágáil.

Tá ar tuismitheoirí/chaomhnóirí agus scoláirí síniú go nglacann siad leis an bPolasaí Gaeilge mar chuid den bpróiseas clárúcháin.

Faomhaithe ar ar 18 Meitheamh 2015

Tomás Ó Coistealbha

18/06/2015

Cathaoirleach

Dáta

Athbhreithniú : Samhradh 2016

